

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 42

Forbairt Tuaithe agus Pobail

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 42, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáil-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €5.521 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 21 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Luacháil ar shócmhainní caipitil

Mar a dhéantar soláthar dó i gCiorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Oifig chun a cuid sócmhainní caipitil a chaipitliú.

Íocaíochtaí le Pobal

Déantar maoiniú a réamhíoc le Pobal maidir le cláir áirithe a sheachadadh ar bhonn gníomhaireachta. Muirearaíodh an tsuim iomlán a íocadh le Pobal i gcoinne na bhfotheideal ábhartha sa bhliain (féach Nóta 6.3).

Aistriú feidhmeanna

Rinneadh an fhreagracht as na hoileáin amach ón gcósta a fhorbairt a aistriú go foirmiúil ón Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta chuig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, faoin Ordú um na hOileáin (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 379/2020), le héifeacht ón 23 Meán Fómhair 2020.

Is ar bhonn bliana iomláine a ullmhaíodh an cuntas leithreasa seo (i.e. le héifeacht ón 1 Eanáir 2020) agus leanann sé foirm agus leagan amach an Vóta d'Fhorbairt Tuaithe agus Pobail mar a chuirtear i láthair sna *Meastacháin Athbhreithnithe i gcomhair Seirbhísí Poiblí 2020*. Léiríonn sé na hidirbhearta a bhaineann leis na hOileáin ar bhonn bliana iomláine.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á chur i bhfeidhm ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú cinnte a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe iomchuí i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar don Roinn seo.

Is é Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt (Vóta 24) a sholáthraíonn na seirbhísí comhroinnte airgeadais. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt á rá go bhfeidhmítear na rialuithe iomchuí i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Is mar a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairiscíú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach:

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ara bhfuil freagracht i as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairiscíú agus chun a chinntiú go nglacfar gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur ormsa le linn dom na freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na Roinne a chosaint.

Nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas tarmilgín agus cuntasachta agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil freagracht tharmilgthe ar Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) as slándáil TFC a chinntiú faoi mheabhráin tuisceana
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil i bhfeidhm.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Deimhním go bhfuil ag an Roinn feidhm iniúcháireachta inmheánaí a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Déanann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne eolas dá cuid oibre agus tá a pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na pleananna sin leis na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Mar chuid den fhorbairt leanúnach ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí, déanfaidh mise agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú tréimhsiúil uirthi. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéanfar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Comhlíonadh na rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte sin in 2020.

Is é beartas na Roinne seo leas a bhaint as gach creat atá ar fáil go lárnach a luaithe is a chuirtear i bhfeidhm iad agus teagmháil a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le riachtanais níos sonraí. Tá rialuithe i bhfeidhm fós chun comhlíonadh a chinntiú sa réimse seo.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena ndéantar sainaitheint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm lena sainaitheintear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaitheint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Mionsonraítear sa chlár rioscaí chomh maith na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Tá Coiste Riosca i bhfeidhm chomh maith chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta riosca agus ar a chur i bhfeidhm. Tá comhaltaí uile an Bhoird Bainistíochta ar an gCoiste agus tagann an coiste le chéile go ráithiúil. Déantar an clár riosca a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach cruinniú ráithiúil.

Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Deimhním gur sainaithníodh príomhríosaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

Paindéim Covid-19

Tugadh faoi mheasúnuithe ar thionchar Covid-19 go luath i mí an Mhárta agus ar bhonn leanúnach i rith na bliana 2020, lenar áiríodh láithreoirí Choiste Iniúcháireachta. Rinne na measúnuithe eolas do na nósanna imeachta airgeadais riaracháin, a leasaíodh lena chinntiú go bhféadfaí leanúint d'íocaíochtaí a phróiseáil i dtimpeallacht cianoibre agus go ndéanfaí éifeachtacht rialuithe inmheánacha airgeadais a choimeád sa timpeallacht nua oibre. Thug an bhainistíocht faoi mheasúnú riosca ar thionchar phaindéim Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, agus deimhním go bhfuil na rialuithe fós éifeachtach, idir na cinn a bhí ann cheana agus na cinn a tugadh isteach de dheasca na paindéime. Cuireadh airgead vótáilte suntasach ar fáil don roinn chun cuidiú le freagairt an Rialtais don phaindéim, lena n-áirítear €27 milliún tosaigh faoi fhotheideal B.X - Cuntais Dhíomhaoiné - Tacaí Covid. Mhainigh sé sin Ciste Cobhsaíochta Covid-19 go príomha agus mhéadaigh meastachán forlíontach an soláthar sin go €37 milliún ina dhiaidh sin. Thabhaigh an Roinn caiteachas €64.908 milliún san iomlán ar thacaí a bhain le Covid in 2020.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialuithe inmheánacha airgeadais maidir le 2020 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu. Leanfaidh an Roinn le díriú láidir a leagan ar oibriú agus athbhreithniú leanúnach na rialuithe inmheánacha airgeadais in 2021.

Kevin McCarthy
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

29 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa* ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa* ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meán Fómhair 2021

Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

Cuntas Leithreasa 2020

		2020		2019
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas Cláir				
A	Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha			
	<i>Bunaidh</i>	171,129		
	<i>Forlíontach</i>	(570)		
			170,559	152,735
B	Forbairt Pobail			
	<i>Bunaidh</i>	189,096		
	<i>Forlíontach</i>	10,571		
			199,667	202,511
C	An tÚdarás Rialála Carthanas		4,606	4,172
				3,870
Ollchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	364,831		
	<i>Forlíontach</i>	10,001		
			374,832	359,418
<i>Bain As</i>				
D	Leithreasaí-i-gcabhair			
	<i>Bunaidh</i>	71,390		
	<i>Forlíontach</i>	10,000		
			81,390	84,677
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	293,441		
	<i>Forlíontach</i>	1		
			293,442	274,741

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Stáitchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, is féidir iomlán na leithreasuithe neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil, nó cuid díobh, a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin.

Tugadh €13.18 milliún de leithreasuithe nár caitheadh maidir leis na gnéithe caipitil d'fhotheideal A.4 - tacaí tuaithe agus d'fhotheideal A.8 - athghiniúint agus forbairt tuaithe ar aghaidh go dtí 2021.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	18,701,021	10,303,538
Géilleadh iarchurtha	(13,180,000)	—
Farasbarr le géilleadh	5,521,021	10,303,538

Kevin McCarthy

Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

	2020	2019
	€000	€000
Costas an chláir	349,096	279,929
Pá	9,318	8,755
Neamhphá	1,004	1,999
Ollchaiteachas	359,418	290,683
<i>Lúide</i>		
Leithreasai-i-gcabhair	84,677	40,305
Glanchaiteachas	274,741	250,378
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin airgid thirim	(137)	
Dímheas	137	(48)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhabhrúithe deiridh	(17,900)	(25,229)
Méadú ar stoc	(5)	—
Caiteachas díreach	256,836	225,101
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	1,984	1,932
Glanchostas an chláir	258,820	227,033

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 42 a tabhaíodh in áit eile.

	2020	2019
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	12	—
Vóta 11 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	—	131
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	328	363
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	1,111	1,091
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	21	18
Vóta 24 Díl agus Ceart	337	329
Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	175	—
	1,984	1,932

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	10,697	388
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		15,825	300
Stoic		5	—
Réamhíocaíochtaí	2.2	48,850	28,349
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	207	309
Ioncam fabhráithe	2.5	9,117	11,931
Iomlán na sócmhainní reatha		74,004	40,889
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhráithe		22	235
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.4	15,414	(45)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	618	654
Iomlán na ndliteanas reatha		16,054	844
Glansócmhainní reatha		57,950	40,045
Glansócmhainní		68,647	40,433
Arna Léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.7	68,647	40,433

2.1 Sócmhainní caipitil

	Foirgnimh	TF agus trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	—	873	211	1,084
Breiseanna	5	133	—	138
Aistriú isteach ^a	11,597	—	—	11,597
Diúscairtí	—	—	(1)	(1)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	11,602	1,006	210	12,818
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	—	672	24	696
Dímheas don bhliain	39	77	21	137
Dímheas carntha le haistriú isteach	1,289	—	—	1,289
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(1)	(1)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	1,328	749	44	2,121
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	10,274	257	166	10,697
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	—	201	187	388

Nóta ^a Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán mar thoradh ar aistriú feidhmeanna maidir leis na hOileáin. Léirítear é sin sa chuntas maoinithe Stáit (féach nóta 2.7).

2.2 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Athghiniúint agus forbairt tuaithe	27,945	16,929
Athnuachan na mbailte agus na sráidbhailte	8,760	8
Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne	3,907	5,935
Forbairt eacnamaíochta réigiúnach	2,449	1,946
An Clár um Sheirbhísí Pobail	2,420	—
Tacaí tuaithe	1,494	1,642
Leader - fochlár geilleagair tuaithe	1,242	1,252
Beartha na gcuntas díomhaoin	472	—
Coistí forbartha pobail áitiúil	85	—
Riarachán	76	180
Tacaí don earnáil pobail agus dheonach	—	457
	48,850	28,349

2.3 larmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Scéimeanna na bpasanna taistil	5	62
Leader – tionscnamh bia	—	215
Tuarastal ar fionraí	202	22
Oifig na nOibreacha Poiblí	—	10
	207	309

2.4 Glanmhaoiniú Stáitchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	5,521	10,304
Géilleadh iarchurtha	13,180	—
Deontas ón Stáitchiste nár tarraingíodh	(3,287)	(10,349)
Glanmhaoiniú Stáitchiste	15,414	(45)
Arna Léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	15,825	300
larmhéideanna dochair: fionraí	207	299
	16,032	599
Creidiúnaithe		
larmhéideanna creidmheasa: fionraí	(618)	(644)
	(618)	(644)
	15,414	(45)

2.5 Ioncam fabhráithe

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Fotheideal		
Tuairisc		
A.5 Leader - fochlár geilleagair tuaithe	6,816	6,613
A.4 Tacaí tuaithe (scéimeanna feabhsúcháin áitiúla)	—	20
B.8 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas	2,301	5,276
C.3 An tÚdarás Rialála Carthanas	—	22
	9,117	11,931

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	199	171
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	94	84
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	26	97
Cáin bhreisluacha	16	13
	<u>335</u>	<u>365</u>
Bailte slachtmhara	230	230
Eile	53	59
	<u>618</u>	<u>654</u>

2.7 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta	2020	2019
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		40,433	15,156
Eisíocaíochtaí as an Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	293,442	260,682
Géilleadh iarchurtha		(13,180)	—
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	<u>(5,521)</u>	<u>(10,304)</u>
Glanvóta		274,741	250,378
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	1,984	1,932
Míreanna neamhairgid thirim - sócmhainní caipitil a aistríodh	2.1	10,309	—
Glanchostas an chláir	1	<u>(258,820)</u>	<u>(227,033)</u>
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		<u>68,647</u>	<u>40,433</u>

2.8 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	61	237
Cláir dheontais neamhchaipitil	106,703	110,497
Cláir dheontais caipitil	191,459	232,283
lomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	298,223	343,017

b) Cláir dheontais neamhchaipitil

	2020 €000	2019 €000
larmhéid tosaigh	110,497	42,564
Deontais a íocadh sa bhliain	(188,823)	(136,966)
Ceangaltais deontais nua	185,029	204,899
larmhéid deiridh	106,703	110,497

c) Cláir dheontais caipitil

	2020 €000	2019 €000
larmhéid tosaigh	232,283	241,795
Deontais a íocadh sa bhliain	(154,232)	(137,729)
Ceangaltais deontais nua	113,408	128,217
larmhéid deiridh	191,459	232,283

2.9 Dlíteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach in imeacht dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dlíteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le haon suim iarbhír ná le huainiú na ndlíteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	9,600	9,318	8,755
ii	Taisteal agus cothú	250	129	455
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	764	325	777
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	165	146	66
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	485	320	258
vi	Costais áitribh oifige	363	64	214
vii	Comhairleoireacht agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	330	20	229
viii	Taighde	100	—	—
		12,057	10,322	10,754

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin: €250,000, toradh: €129,000

Bhí an t-easnamh €121,000 ar chaiteachas taistil agus cothaithe ann mar gheall ar laghduithe ar leibhéal taistil de bharr srianta sláinte poiblí agus méadú ar úsáid áiseanna cruinnithe ar líne.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin: €764,000, toradh: €325,000

Bhí an t-easnamh €439,000 sa chaiteachas i gcomórtas leis an meastachán ann mar gheall ar thionchar na paidéime ar dheiseanna oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha chomh maith. Tá an dara ceann acu sin in ann a bheith ag athrú agus bhí siad níos lú ná mar a bhíodas ag súil leis.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin: €485,000, toradh: €320,000

Ba mar thoradh ar chaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí TF a bheith níos lú ná mar a measadh a bhí easnamh €165,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann. Fad a tháinig costais bhreise chun cinn mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, rinneadh coigiltí suntasacha mar gheall ar mhoilleanna ar thús a chur le hobair ar chórais nua a bhí beartaithe i dtaca le hiarratais ar dheontais agus bainistíocht deontas, agus bhí coigilt fhoriomlán €165,000 ann mar thoradh air sin.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin: €363,000, toradh: €64,000

Bhí an t-easnamh €299,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann mar gheall ar chaiteachas ar áitribh agus áiseanna oifige i mBéal an Átha agus i bPointe na Tríonóide araon a bheith níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar mhoill leanúnach ar uasghráduithe a bhí beartaithe de dheasca shrianta sláinte poiblí Covid-19.

vii Comhairleoireacht agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin: €330,000, toradh: €20,000

Bhí an t-easnamh €310,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann mar gheall ar mhoill ar roinnt comhairleoireachtaí a sholáthar, ar chomhairleoireachtaí eile a bhronnadh go déanach sa bhliain agus ar thionchar na paidéime ar úsáid comhairleoirí.

viii Taighde

Soláthar meastacháin: €100,000, toradh: €nialas

Ba mar gheall ar athruithe ar amlínte i dtaobh tionscadal taighde ilbhliantúil a sholáthar a bhí an t-easnamh €100,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann.

Clár A Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha

		2020		2019	
		Soláthar meastacháin		Toradh	
		€000	€000	€000	
A.1	Riarachán – pá		5,276	5,218	4,902
A.2	Riarachán – neamhphá		1,206	572	1,123
A.3	Coimisiún Forbartha an Iarthair		2,049	1,969	2,015
A.4	Tacaí tuaithe ^a				
	<i>Bunaidh</i>	20,343			
	<i>Forlíontach</i>	(570)			
			19,773	18,702	23,867
A.5	Leader - fochlár geilleagair tuaithe		40,000	45,439	45,188
A.6	Comórtas na mBailte Slachtmhara		1	—	1
A.7	Forbairt eacnamaíochta réigiúnach		2,670	3,374	2,071
A.8	Athghiniúint agus forbairt tuaithe ^b		88,000	67,996	31,285
A.9	Na hOileáin ^c		11,584	9,465	—
	<i>Athnuachan na mbailte agus na sráidbhailte</i>		—	—	12,999
	<i>Na scéimeanna feabhsúcháin áitiúla</i>		—	—	13,629
			170,559	152,735	137,080

Nótaí ^a Tá A.4 - Tacaí tuaithe - comhdhéanta de chlár CLÁR agus Clár na Siúlóidí (a raibh an dá cheann díobh mar chuid de scéimeanna forbartha tuaithe náisiúnta roimhe seo) agus na scéimeanna feabhsúcháin áitiúla.

^b A.8 - Athghiniúint agus forbairt tuaithe - Cuireadh Athghiniúint in mbailte agus na sráidbhailte agus an scéim um Bonneagar Áineasa Amuigh faoin Spéir (ORIS) (a bhí mar chuid de scéimeanna forbartha tuaithe náisiúnta roimhe seo) le chéile in athghiniúint agus forbairt tuaithe, i gcomhréir le gealltanais sa *Phlean Forbartha Náisiúnta*.

^c A.9 - Na hOileáin - In 2019, tabhaíodh caiteachas €10.556 milliún faoi fhotheideal C.9 - Na hOileáin ar Vóta 33 - Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht.

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha ann i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is trí, d bhí an caiteachas a bhain le Clár A €18.394 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús). Bhain €692,000 de sin le caiteachas riaracháin agus tá sé sin mínithe cheana. Bhain iarmhéid na difríochtaí, mar a bhí €17.702 milliún, leis na nithe seo a leanas den chuid is mó:

A.4 Tacaí tuaithe

Soláthar meastacháin: €20.343 milliún, toradh: €18.702 milliún

Cuirtear maoiniú le haghaidh roinnt scéimeanna ar fáil faoin bhfotheideal seo, lena n-áirítear Scéim na Siúlóidí agus CLÁR, chomh maith le roinnt tionscnamh eile faoina gcuirtear tacaíocht ar fáil d'fhorbairt tuaithe. Bhí an t-easnamh €1.641 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann go príomha mar gur cuireadh moill ar scéimeanna na siúlóidí a leathnú mar a bhí beartaithe agus go raibh moilleanna ann in earnáil na tógála mar thoradh ar shrianta Covid-19. Baineadh úsáid eile as €570,000 den choigilt sin trí mheastachán forlíontach teicniúil le húsáid faoin gClár um Fheabhsú an Phobail.

A.5 Leader - fochlár geilleagair tuaithe

Soláthar meastacháin: €40 milliún, toradh: €45.439 milliún

Tháinig méadú €5.439 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall gur clár ilbhliantúil é Leader agus go raibh leibhéil seachadta in 2020 níos airde ná mar a bhíodas ag súil leis.

A.7 Forbairt eacnamaíochta réigiúnach

Soláthar meastacháin: €2.67 milliún, toradh: €3.374 milliún

Ba mar thoradh ar ghníomhaíocht mhéadaithe chun pointí ceangail leathanbhanda a bhunú faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a tháinig méadú €704,000 ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin.

A.8 Athghiniúint agus forbairt tuaithe

Soláthar meastacháin: €88 milliún, toradh: €67.996 milliún

Ceadaíodh maoiniú caipitil suntasach faoin scéim ilbhliantúil seo chun mórthionscadail chomhtháite chaipitil tuaithe lena mbaineann roinnt comhpháirtithe tionscadail a chur chun cinn. Ghlac dearadh, soláthar agus seachadadh na dtionscadal seo níos faide ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Mar sin féin, i gcás na bliana 2020, ba mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 go príomha, a chuir moill ar thionscadail a bhí á dtógáil agus ar thionscadail a bhí ar tí tús a chur le céim na tógála, a tharla an t-easnamh €20.004 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin. Eisíodh réamhíocaíochtaí faoin scéim athghiniúna agus forbartha tuaithe agus faoi scéim athnuachana na mbailte agus na sráidbhailte (féach nóta 2.2) agus tugadh ar aghaidh géilleadh iarchurtha €11.6 milliún go 2021 faoi na scéimeanna sin.

A.9 Na hOileáin

Soláthar meastacháin: €11.584 milliún, toradh: €9.465 milliún

Ba mar thoradh ar mhóil a bheith ar na tionscadail chaipitil a thabhairt chun cinn agus íostarraingt an mhaoinithe a bheith níos ísle ná mar a measadh go raibh easnamh €2.119 milliún ann i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin. Cuid den chúis leis sin ba ea tionchar shrianta Covid-19, a chuir moill ar thionscadail a bhí á dtógáil. Chomh maith leis sin, áfach, bhí deacracht ann tionscadail chaipitil a chonrú do na hoileáin mar gheall ar an leibhéal éilimh laistigh d'earnáil na tógála. Dúshlán a bhí ann obair a chonrú do na hoileáin i bhfianaise an ualaigh bhreise ar chonraitheoirí maidir le hinnealra a thabhairt chuig na hoileáin agus ar ais uathu.

Clár B Forbairt Pobail

		2020		2019	
		Soláthar meastacháin		Toradh	
		€000	€000	€000	
B.1	Riarachán - pá		4,177	4,007	3,765
B.2	Riarachán - neamhphá		1,172	424	857
B.3	Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (An Crannchur Náisiúnta)		15,995	16,246	13,241
B.4	SICAP, tacaí forbartha áitiúla/réigiúnaí (An Crannchur Náisiúnta)		44,065	44,065	43,165
B.5	Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht)				
	<i>Bunaidh</i>	2,405			
	<i>Forlíontach</i>	(199)			
			2,206	2,193	1,904
B.6	Tacaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste		6,500	6,500	7,000
B.7	Bearta na gcuntas díomhaoin		12,570	12,570	12,756
B.X	Cuntais dhíomhaoine (tacaí Covid-19)				
	<i>Bunaidh</i>	27,000			
	<i>Forlíontach</i>	10,000			
			37,000	37,000	—
B.8	An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas		6,967	9,862	8,345
B.9	Sábháilteacht Uisce na hÉireann		1,124	1,154	1,118
B.10	Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne		7,731	7,731	7,331
B.11	An Clár um Fheabhsú an Phobail				
	<i>Bunaidh</i>	9,500			
	<i>Forlíontach</i>	770			
			10,270	11,237	4,000
B.12	An Clár um Sheirbhísí Pobail		46,890	46,890	43,855
B.13	Aonaid um uilechuimsitheacht shóisialta		550	325	546
B.14	Líonraí rannpháirtíochta poiblí		2,450	2,307	1,750
B.15	Seirbhísí eile		—	—	100
			199,667	202,511	149,733

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ba é €189.096 milliún an meastachán bunaidh. Fuarthas meastachán forlíontach €10.571 milliún. Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €13.415 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí easnamh €918,000 ann a bhain le caiteachas riaracháin agus tá sé sin mínithe cheana. Is mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó a bhí an tsuim €12.497 milliún breise os cionn na leithdháiltí bunaidh ann:

B.5 Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht)

Soláthar meastacháin: €2.405 milliún, toradh: €2.193 milliún

Bhí an t-easnamh €212,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann mar gur chlúdaigh an fotheideal costais tacaíochta iarbhír fotheidil do na coistí forbartha pobail áitiúil agus mar go raibh na costais iarbhír fhoriomlána beagán níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Baineadh úsáid eile as €199,000 den choigilt sin trí mheastachán forlíontach teicniúil lena úsáid faoin gClár um Fheabhsú an Phobail.

B.X Cuntais dhíomhaoine (tacaí Covid-19)

Soláthar meastacháin: €27 milliún, toradh: €37 milliún

Ba mar thoradh ar mheastachán forlíontach teicniúil €10 milliún chun an t-éileamh faoi Chiste Cobhsaíochta Covid-19 a chlúdach a bhí méadú €10 milliún i gcomórtas leis an soláthar meastacháin bunaidh ann. Ós rud é gur maoiníodh é sin le Ciste na gCuntas Díomhaoine, ní raibh tionchar aige ar an nglanachaiteachas vótáilte.

B.8 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas

Soláthar meastacháin: €6.967 milliún, toradh: €9.862 milliún

Ba mar thoradh ar nádúr ilbhliantúil an Chláir um Shíocháin a bhí an t-easnamh €2.895 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann. Thug Comhlacht na gClár Speisialta AE, a bhainistíonn an clár, fógra don Roinn maidir leis na costais mhéadaithe agus d'éiligh sé an maoiniú a bhí de dhíth chun tacú leis na costais sin. Tá na costais mhéadaithe sin ag teacht chun cinn de réir mar atá clár PEACE IV reatha 2014-2020 ag teacht i dtreo dheireadh a thréimhse airgeadais, rud atá ag cruthú gá le dlús a chur le tionscadail agus leis na costais ghaolmhara.

B.11 An Clár um Fheabhsú an Phobail

Soláthar meastacháin: €9.5 milliún, toradh €11.237 milliún

Ba mar thoradh díreach ar acmhainní méadaithe a úsáid chun tacú le heagraíochtaí pobail seirbhísí a chothabháil i gcomhthéacs phaindéim Covid-19 a bhí méadú €1.737 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin bunaidh ann. Cuireadh €770,000 den acmhainn mhéadaithe sin ar fáil trí mheastachán forlíontach teicniúil ó tharla nach ndearnadh aon soláthar reatha maoinithe don chlár um fheabhsú an phobail sa mheastachán bunaidh.

B.13 Aonaid um uilechuimsitheacht shóisialta

Soláthar meastacháin: €550,000, toradh: €325,000

Léirigh an t-easnamh €225,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an meastachán an t-éileamh níos lú ar mhaoiniú sa réimse seo mar thoradh ar imchlúdaigh maoinithe eile a bheith ar fáil.

B.14 Líonraí rannpháirtíochta poiblí

Soláthar meastacháin: €2.45 milliún, toradh: €2.307 milliún

Ba mar thoradh ar ghníomhaíocht laghdaithe a bheith ann de bharr srianta sláinte poiblí i gcomhthéacs phaindéim Covid-19 a bhí an t-easnamh €143,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an meastachán ann. Níor tharla comhdháil náisiúnta na líonraí rannpháirtíochta poiblí in 2020, mar shampla.

Clár C An tÚdarás Rialála Carthanas

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	147	93	88
C.2	Riarachán – neamhphá	79	8	19
C.3	An tÚdarás Rialála Carthanas	4,370	4,071	3,762
C.4	An Binse Achomhairc do Charthanas	10	—	1
		4,606	4,172	3,870

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €434,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús.) Bhain €125,000 de sin le caiteachas riaracháin agus tá sé sin mínithe cheana. Ba mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a bhí an difríocht €309,000.

C.3 An tÚdarás Rialála Carthanas

Soláthar meastacháin: €4.37 milliún, toradh: €4.071 milliún

Ba mar thoradh ar chostais chláir a bhain le pá san Údarás Rialála Carthanas a bheith níos lú ná mar a bhí súil leis de bharr moilleanna leantacha ar earcaíocht a bhí easnamh €299,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

	2020		2019
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
1 Ilghnéitheach	50	180	148
2 Leader - fochlár geilleagair tuaithe	25,000	27,821	24,355
3 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas	6,400	6,724	2,566
4 Cuntais dhíomhaoine – caiteachas cláir			
<i>Bunaidh</i>	39,570		
<i>Forlíontach</i>	10,000		
	49,570	49,570	12,756
5 SICAP - An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail	—	5	35
6 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	370	377	445
Iomlán	81,390	84,677	40,305

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €13.287 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

1 Ilghnéitheach

Meastachán: €50,000, réadaithe: €180,000

Ba mar thoradh ar roinnt aisíocaíochtaí a fuarthas faoi CLÁR agus na scéimeanna feabhsúcháin áitiúla nach raibh súil leo a bhí na fáltais bhreise €130,000 sa bhliain 2020 ann.

2 Leader - fochlár geilleagair tuaithe

Meastachán: €25 milliún, réadaithe: €27.821 milliún

Ba mar gheall ar leibhéal mhéadaithe íocaíochtaí faoi chlár Leader an AE le linn na bliana 2020, rud as ar tháinig méadú comhfhreagrach i leibhéal na bhfáltais AE a fuair an Roinn, a bhí na fáltais bhreise €2.821 milliún ann.

3 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas

Measta: €6.4 milliún, réadaithe: €6.724 milliún

Ba mar gheall ar leibhéal níos airde caiteachais faoin gclár, rud as ar tháinig leibhéal méadaithe fáltais ó AE le linn na bliana 2020, a bhí na fáltais bhreise €324,000 ann.

4 Cuntais dhíomhaoine - caiteachas cláir*Measta €39.57 milliún, réadaithe: €49.57 milliún*

Bhí gá leis an méadú de €10 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunaidh chun freastal ar an éileamh faoi Chiste Cobhsaíochta Covid-19.

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020	2019
	€000	€000
larmhéid ag an 1 Eanáir	15	—
Géilleadh deonach tuarastal Aire	7	15
Aistrithe chuig an Státchiste	—	—
larmhéid ag an 31 Nollaig	22	15

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 An líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2020	2019
Roinn ^a	166	149
Gníomhaireachtaí ^b	73	71
Iomlán	239	220

Nóta ^a Méadaíodh líon na foirne faoi dheichniúr de bharr aistriú fheidhmeanna na n-oileán.

^b Áirítear an tÚdarás Rialála Carthanas (40 ball foirne), Coimisiún Forbartha an Iarthair (25 bhall foirne) agus Sábháilteacht Uisce na hÉireann (ocht ball foirne) le foireann na ngníomhaireachtaí.

5.2 Pá

Luach Saothair fhoireann na Roinne	2020	2019
	€000	€000
Pá	8,557	8,018
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	106	115
Ragobair	15	33
ÁSPC an fhostóra	640	589
Pá iomlán	9,318	8,755

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre ^a

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	13	3	20,613	22,029
Ragobair	2	1	15,139	26,433
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	1	1	20,246	31,654

Nóta ^a Baineann na sonraí pá, liúntais agus luach saothair eile atá i 5.2 agus 5.3 thuas le foireann na Roinne a íoctar go díreach as an Vóta. Is féidir teacht ar fhaisnéis mhionsonraithe a bhaineann le líon na bhfostaithe agus a bpá maidir le gníomhaireachtaí na Roinne sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	2	4,607	12,768

Cuireadh pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le gach ró-íocaíocht a tharla in 2020.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Fothideal	Tuairisc	2020	2020	2019
		Meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.3	Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	10,528	10,528	10,560
B.4	SICAP, tacaí forbartha áitiúla/ réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	2,855	2,855	2,683
		13,383	13,383	13,243

6.2 Maoiniú AE ^a

Áirítear leis toradh a thaispeántar i bhFothaidil A.5 agus B.8 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoi seach. Ba mar seo a leanas a bhí meastacháin i ndáil le maoiniú AE agus torthaí iarbhír, bunaithe ar rátaí caiteachais agus cómhaoinithe:

Fothideal	Tuairisc	2020	2020	2019
		Meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.5	Leader - fochlár geilleagair tuaithe	25,000	28,136	25,963
B.8	An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas	6,967	9,862	7,094
		31,967	37,998	33,057

Nóta ^a Cómhaoiníonn AE 62.8% agus 85% faoi seach de na híocaíochtaí a dhéantar faoi A.5 agus B.8.

6.3 Íocaíochtaí le Pobal

Déanann Pobal roinnt clár deontais a riar nó tacaíonn sé leo thar ceann na Roinne. D'aistrigh an Roinn méideanna ar fiú €94.81 milliún san iomlán iad in 2020 chun tacú leis na tionscadail mar atá leagtha amach thíos.

Fotheideal	Tuairisc	2020	2019
		Toradh	Toradh
		€000	€000
A.4	Tacaí tuaithe	983	1,371
A.5	Leader - fochlár geilleagair tuaithe	916	1,874
B.3	Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (An Crannchur Náisiúnta)	8,208	10,421
B.4	SICAP, tacaí forbartha áitiúla/réigiúnaí (An Crannchur Náisiúnta)	1,336	2,027
B.5	Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht)	85	—
B.6	Tacaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste	1,000	1,000
B.7	Bearta na gcuntas díomhaoin	3,680	1,142
B.X	Cuntais dhíomhaoine (tacaí Covid-19) ^a	31,750	—
B.12	An Clár um Sheirbhísí Pobail	46,852	43,775
	Iomlán ^b	94,810	61,610

Nótaí ^a Cuireadh maoiniú ar fáil do Chiste Cobhsaíochta Covid-19 ó fhotheideal nua B.X - Cuntais dhíomhaoine (tacaí Covid-19). Faoin scéim, cuireadh maoiniú deontais ar fáil do charthanais, d'eagraíochtaí pobail agus deonacha, agus d'fhiontair shóisialta chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh i maoiniú le linn na paindéime.

^b Tá suimeanna ar fiú €17.14 milliún san iomlán iad agus nach bhfuil caite go fóill i ndáil le híocaíochtaí in 2020 sainaitheanta ag Pobal (€4.63 milliún in 2019). Ag teacht le ciorclán 13/2014, glactar iarmhéideanna dá leithéidí sin san áireamh agus íocaíochtaí ina ndiaidh sin á ndéanamh le Pobal.

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail

Is liosta atá sa tábla seo a leanas de na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil dualgas ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair ina leith. Léiríonn sé, amhail an dáta a síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste roinne	Tréimhse cuntaisíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Pobal	2019	An 30 Meitheamh 2020	An 18 Nollaig 2020	An 22 Nollaig 2020
An tÚdarás Rialála Carthanas	2019	An 20 Bealtaine 2020	An 26 Bealtaine 2020	An 6 Iúil 2020
Coimisiún Forbartha an Iarthair	2019	An 17 Nollaig 2020	An 5 Márta 2021	—
Sábháilteacht Uisce na hÉireann ^a	An 1 Eanáir 2018 go dtí an 17 Feabhra 2019	An 20 Samhain 2020	An 4 Nollaig 2020	An 8 Márta 2021
Sábháilteacht Uisce na hÉireann	An 18 Feabhra 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019	An 24 Nollaig 2020	An 29 Eanáir 2021	An 8 Márta 2021

Nóta ^a Díscaoileadh Sábháilteacht Uisce na hÉireann an 17 Feabhra 2019 faoi I.R. Uimh. 55/2019 - Ordú Shábháilteacht Uisce na hÉireann (Sócmhainní agus Dlíteanais a Aistriú) 2019. Cuireadh síneadh le bliain airgeadais Shábháilteacht Uisce na hÉireann faoin Ordú agus clúdaíonn sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 17 Feabhra 2019 chun cuntais Shábháilteacht Uisce na hÉireann a dhúnadh. Aistríodh Sócmhainní agus Dlíteanais Shábháilteacht Uisce na hÉireann (*Irish Water Safety*) chuig Sábháilteacht Uisce Éireann (*Water Safety Ireland*) an 17 Feabhra 2019 faoi I.R. Uimh. 55/2019.